Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2333

26.10.2023

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 46/2023**

**an 17 Márta 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2333]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir Tharmligthe (AE) 2021/1047 ón gCoimisiún an 5 Márta 2021 lena leasaítear Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh an 17 Feabhra 2020 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) De bhua Chinneadh Uimh. 111/2013 ó Chomhchoiste LEE an 14 Meitheamh 2013 ([2]), níl feidhm ag Treoir Tharmligthe (AE) 2021/1047 maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 3q (Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XIX d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32021 L 1047**: Treoir Tharmligthe (AE) 2021/1047 ón gCoimisiún an 5 Márta 2021 (IO L 225, 25.6.2021, lch. 69).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir Tharmligthe (AE) 2021/1047 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 18 Márta 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Márta 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 225, 25.6.2021, lch. 69.
([2]) IO L 318, 28.11.2013, lch. 12.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.